# F



12 - Leabharthaí a dhéanamh
13 - Ceann cúrsa
14 - Focal Scoir

# Clár


| | |
|---|---|
| Leabharthaí dár gcuid fhéin | 2-2a |
| Leabharthaí a dhéanamh | 3 |
| Leabhar le téama nó crot speisialta | 4 |
| Leabhar gearrthóg | 5 |
| Leabhar 'tóg an flapa' | 6 |
| Leabhar fiarláin | 7 |
| Leabharthaí dár gcuid fhéin | 8 |
| Áit mhaith don fhoghlaim | 9 |
| Ag spraoi agus ag foghlaim | 10 |
| Ar n-acmhainní fhéin | 11 |
| An cúrsa á mheas | 12-13 |




# Leabharthaí dár gcuid fhéin

De réir mar a bhíos páistí ag cur eolais ar leabharthaí agus ar scéalta dhaoine eile, b'fhéidir go mbeadh siad fhéin ag iarraidh smaointe agus scéalta dá gcuid fhéin a scríobh síos. Bealach iontach maith leis sin a dhéanamh ná cuidiú leofa a leabhar fhéin a dhéanamh. Céim mhaith chun tosaigh atá ann, agus bealach pléisiúrtha le tuilleadh a fhoghlaim fá leabharthaí.

Thig leabharthaí a dhéanamh do pháistí de gach aois.

Thiocfadh leabhar a dhéanamh fá rudaí a bhfuil suim ag an pháiste iontu, mar shampla:

- scéal fá thuras inteacht a rinne an teaghlach,
- 'Mise' - leabhar fán pháiste fhéin le pictiúirí agus grianghraif di fhéin,
- leabhar fá mhadadh nó fá chat nó fá cibé peata eile atá aici,
- leabhar ríme,
- scéalta fá dhaoine eile sa teaghlach,
- leabhar fá laethanta saoire - saoire na Nollag, na Cásca nó oíche Shamhna,
- leabhar fá bhreithlá an pháiste,
- leabhar fá ghabháil chun na scoile nó chun na naíscoile,
- leabhar mar gheall ar chuairt a thabhairt ar an fhiaclóir nó ar an dochtúir.

Is fearr a thuigfeas an páiste caidé mar a oibríonn leabharthaí i ndiaidh di leabhar dá cuid fhéin a dhéanamh. Ar na rudaí atá le foghlaim tá:

- go mbíonn clúdach ar gach leabhar, agus teideal scríofa air;
- bíonn leid sa teideal seo de ghnáth, a insíonn duit cén cineál leabhair atá ann;
- thig leat do chuid smaointe a chur in iúl do dhaoine eile trí leabhar a scríobh;
- bíonn tús, lár agus deireadh le gach leabhar;
- is ó thaobh na láimhe clé go taobh na láimhe deise a léitear na leathanaigh.

# Leabharthaí dár gcuid fhéin

Beidh an páiste ag cur eolais ar an scríbhneoireacht agus ar an uimhríocht le linn di a bheith ag obair ar an leabhar. Thig leat iarraidh uirthi:

- cuidiú leat na focla a scríobh;
- pictiúirí a tharraingt atá fóirsteanach don scéal;
- pictiúirí a ghearradh amach agus a ghreamú de na leathanaigh
- pictiúirí agus rudaí eile a chur ar na leathanaigh;
- dearadh a ghearradh amach fá choinne an leabhair;
- a dhéanamh cinnte go bhfuil uimhreacha scríofa sna teachtaireachtaí.

**Thar achan rud eile, cuirfidh sé go mór le féinmhuinín an pháiste a smaointe agus a saol fhéin a bheith curtha ar fáil i leabhar, go háirithe má bhíonn daoine eile sa teaghlach á moladh agus á spreagadh!**

# Leabharthaí a dhéanamh

Má tá tú ag iarraidh go gcuirfeadh an páiste suim sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht, níor mhiste duit cuidiú leofa a gcuid leabharthaí fhéin a dhéanamh. Ní chaithfidh tú a bheith i d'ealaíontóir mór. Níl de dhíth ach rud beag samhlaíochta. Níl le déanamh ach smaoineamh ar na rudaí a bhfuil suim ag an pháiste iontu. Thig leat fhéin an leabhar a dhéanamh agus a thabhairt don pháiste nó an leabhar a dhéanamh i gcuideachta a chéile. Ar bhealach, ní miste caidé a dhéanfas tú, nó beidh an páiste tógtha go mór nuair a tchífeas sé a chuid focla agus a shaol laethúil fhéin istigh i leabhair!


Is iomaí cineál leabhair a thiocfadh a dhéanamh. Ina measc sin tá:


- leabharthaí a bhfuil téama speisialta ag baint leofa
- leabharthaí a bhfuil crot ar leith orthu
- leabharthaí gearrthóg
- leabharthaí ina gcaithfidh flapa a thógáil le teacht ar phictiúr ar an taobh istigh
- leabharthaí fiarláin


'Sí an chéad chéim ná cinneadh a dhéanamh mar gheall ar chrot an leabhair.

**Crot an leabhair**

- Cuir dornán de bhileoga páipéir ar bharr a chéile.
- Fill ina dhá leath iad.
- Ceangail an taobh fillte le stáplaí nó, i ndiaidh duit é a pholladh, cuir ribín nó olann trí na poill leis an leabhar a cheangal.







# Leabhar le téama nó crot speisialta


Déan an obair de réir na dtreoracha in **Crot an leabhair**.

Ansin, déan cinneadh fá ábhar an leabhair.

An bhfuil dúil ag an pháiste i gcarranna, mar shampla? Má tá, déan leabhar mar gheall ar charranna. Fiú amháin, thiocfadh an páipéar a ghearradh sa dóigh is go bhfuil crot cairr air.

An ndeachaigh sibh ar cuairt chun na farraige ar na mallaibh? Déan leabhar mar gheall ar an turas sin agus gearr an páipéar sa dóigh is go bhfuil crot éisc air.

Nó thiocfadh leabhar a scríobh dar teideal 'An Teach s'againne' agus an páipéar a ghearradh sa dóigh is go bhfuil crot tí air. Níor mhiste ligean don pháiste cuidiú san obair, mar shampla, éadach daite a ghreamú den pháipéar le 'fuinneoga' agus 'doras' a dhéanamh. Maidir leis an taobh istigh den 'teach' thiocfadh pictiúirí de throscán, bia, bréagáin agus mar sin de a ghearradh amach as irisí.



# Leabhar gearrthóg

Déan an obair de réir na dtreoracha in **Crot an leabhair**.

Déan cinneadh fá ábhar an leabhair, cuir i gcás 'na rudaí is mó a bhfuil dúil agam iontu', 'an teaghlach', 'mo bhaile fhéin', 'ainmhithe' nó 'bréagáin'. Níl ábhar ar bith nach bhfuil fóirsteanach do leabhar.

Gearr amach pictiúirí as irisí agus catalóga, nó greamaigh grianghraif isteach sa leabhar gearrthóg.

Má tá an páiste fhéin le bheith páirteach san obair seo, níor mhiste ligean dó na pictiúirí a ghreamú de na leathanaigh. Bí ag caint leis fá na pictiúirí de réir mar atá sé á ngreamú.

Nuair atá sé réidh, cuir ceist air caidé ba mhaith leis tú a scríobh fá bhun achan phictiúir. Léigh amach os ard na focla agus na habairtí i ndiaidh duit iad a scríobh.

Thig an clúdach a mhaisiú le páipéar balla nó le páipéar geal daite, nó ligean don pháiste pictiúr a tharraingt. Is é an rud is tábhachtaí ná go mbeadh cuma dheas shuimiúil ar an leabhar.

Déan dhá pholl i dtaobh an leabhair agus ceangail le ribín nó le holann é.



# Leabhar 'tóg an flapa'

Thig leabhar 'tóg an flapa' a dhéanamh de chineál ar bith leabhair.

Níl rud ar bith ann nach bhfuil fóirsteanach don chineál seo leabhair.

Is mar seo a dhéantar leabhar 'tóg an flapa'. Déan cuid de phictiúr (nó cuid den téacs) a cheilt taobh thiar d'fhlapa (píosa páipéir nó píosa éadaigh). Caithfidh an flapa seo a thógáil le teacht ar an phictiúr nó ar an téacs taobh thiar de.

Cuir i gcás go ndéanann tú leabhar mar gheall ar lá breithe an pháiste. Thiocfadh leat pictiúirí de na bréagáin is mó a bhfuil dúil aige iontu a chur i bhfolach taobh thiar d'fhlapa ar achan leathanach den leabhar.

Nó thiocfadh focla áirithe a chlúdach le flapa beag. Cleas eile a thiocfadh a úsáid ná pictiúr a tharraingt ar an fhlapa a léiríonn an focal atá ceilte. Cuir i gcás gur 'teach' an focal atá i bhfolach, thiocfadh leat pictiúr de theach a tharraingt nó a ghreamú ar an fhlapa. Leid atá ann a chuireann an focal in iúl don pháiste. Thig leis an flapa a thógáil ansin agus an focal scríofa a léamh.



# Leabhar fiarláin


Píosa fada páipéir an chéad rud a bheas de dhíth ort.

Fill an píosa páipéir i dtreo amháin agus ar mhalairt treo ina dhiaidh sin (go dtí go bhfuil sé mar a bheadh bosca ceoil ann), go dtí go mbaineann tú an deireadh amach.

Níl le déanamh le do leabhar fiarláin fhéin a dhéanamh ach litir amháin a chur ar achan phainéal i ndiaidh a chéile sa dóigh is go litríonn sé ainm an pháiste nó focal inteacht eile.

Nó thiocfadh leabhar scéalaíochta a dhéanamh de agus abairt nó beirt a scríobh ar achan phainéal.

Maisigh an leabhar le pictiúirí as irisí nó pictiúirí a tharraing sibh fhéin.



# Leabharthaí dár gcuid fhéin

Cá huair a léigh sibh an leabhar le chéile, agus cá háit?

Caidé na rudaí a raibh dúil ag an pháiste iontu sa leabhar?

An raibh a dhath le rá ag daoine eile sa teaghlach fán leabhar?

Caidé na cineálacha eile leabharthaí a bhfuil dúil ag do pháiste fhéin iontu?

# Áit mhaith don fhoghlaim

Is nuair a bhíos an páiste ar a suaimhneas is mó a bhíos sí ag iarraidh triail a bhaint as rudaí úra. Seo thíos cuid de na hamanna agus na háiteacha is mó a mbíonn páistí ar a suaimhneas, agus réidh le rudaí úra a foghlaim:

**Nuair a bhíos a fhios aici cá háit a bhfuil sí.**



**Nuair a bhíos aithne aici ar na daoine atá léi.**



**Nuair a bhíos a fhios aici caidé atá ag tarlú.**



**Nuair a bhíos a fhios aici caidé atá le déanamh aici.**



# Ag spraoi agus ag foghlaim

An maith le do pháiste fhéin cluichí cur i gcéill a imirt?

Caidé a mbíonn na cluichí seo fá dtaobh de?

An bhfuil cluiche speisialta ann a bhfuil dúil mhór ag an pháiste ann agus a imríonn sí go minic?

An n-úsáideann sí bréagáin nó fearas ar bith eile le linn an chluiche seo, nó an ngléasann sí í fhéin fá choinne an chluiche?

An mbíonn páistí eile páirteach ann?

An mbíonn léitheoireacht, scríbhneoireacht nó matamaitic i gceist sna cluichí seo? An dtiocfadh leat samplaí a thabhairt?

# Ár n-acmhainní fhéin

Caidé na hacmhainní atá ar fáil sa phobal?

Cá háit a bhfaighfeá:

**Seirbhísí tacaíochta teaghlaigh**

- naíolann?
- seirbhísí le haire a thabhairt do pháistí?
- grúpaí tuismitheoirí/leanaí óga?
- seirbhísí réamhscoile?
- cúrsaí ullmhúcháin agus oiliúna do thuismitheoirí?
- clubanna óige?

**Seirbhísí an Bhoird Sláinte**

- d'otharlann áitiúil fhéin?
- seirbhísí sláinte intinne?
- cúrsaí oideachais sláinte, mar shampla cúrsaí fá gharchabhair agus fán dóigh le déileáil le strus?

**Comhairle airgeadais**

- oifigí leasa shóisialaigh?
- comhairle fá chúrsaí airgeadais agus faoi bhuiséadú?
- do Chomhar Creidmheasa áitiúil?

**Comhairle Dlí**

- cúnamh dlíthiúil saor in aisce?
- seirbhísí idirbheartaíochta do theaghlaigh?

**Tacaíocht agus seirbhísí oideachais**

- treoirchomhairle?
- ranganna do dhaoine fásta?
- síceolaí oideachais?
- bunscoileanna áitiúla?
- meánscoileanna áitiúla?

**Seirbhísí fostaíochta**

- clubanna fostaíochta?
- an tIonad Acmhainní do Dhaoine Dífhostaithe?
- oifigí FÁS?
- seirbhísí áitiúla fostaíochta ?
- oifigí ceardchumainn?

# An cúrsa á mheas

1. Caidé a shíl tú den chúrsa ar fad?

   Bhí sé ina chuidiú mór ____________________

   Bhí sé ina chuidiú ____________________

   Ní raibh sé ina chuidiú ____________________

2. Ar chuidigh an cúrsa leat do chuspóirí foghlama fhéin a bhaint amach?

   Chuidigh ____________________

   Níor chuidigh ____________________

3. Ar fhoghlaim tú rudaí a chuidíonn leat agus tú ag obair le do pháiste fhéin maidir leis an léitheoireacht, an scríbhneoireacht agus an mhatamaitic?

   D'fhoghlaim ____________________

   Níor fhoghlaim ____________________

4. Ar chuidigh an cúrsa le páiste ar bith eile sa teaghlach maidir leis an léitheoireacht, an scríbhneoireacht agus an mhatamaitic?

   Chuidigh ____________________

   Níor chuidigh ____________________

5. Caidé a shíl tú den dóigh ar eagraíodh an cúrsa?

   Go hiontach maith ____________________

   Go maith ____________________

   Maith go leor ____________________

   Go holc ____________________

6. An raibh an t-ionad ina raibh an cúrsa sásúil, dar leat?

   Bhí ____________________

   Ní raibh ____________________

# An cúrsa á mheas

7. An raibh clár ama an chúrsa sásúil, dar leat?

Bhí ______________________

Ní raibh ______________________

8. Ar chuir na héascaitheoirí ar do shuaimhneas thú le linn an chúrsa?

Chuir ______________________

Níor chuir ______________________

9. An raibh na héascaitheoirí cuiditheach?

Bhí ______________________

Ní raibh ______________________

10. Ar fhoghlaim tú rud ar bith ó thuismitheoirí eile sa ghrúpa?

D'fhoghlaim ______________________

Níor fhoghlaim ______________________

11. An molfá do thuismitheoirí eile freastal ar an chúrsa seo?

Mholfainn ______________________

Ní mholfainn ______________________

12 An bhfuil a dhath eile ba mhaith leat a rá?

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________



## Canúint Uladh

Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh

NDP

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE